

## Gníomhaíocht don Ghníomhú Ar Son na hAeráide – Fuinneog Dhaite

Is féidir linn domhan inbhuanaithe a chothú ar mhaithe le gach duine má ghlacaimid go léir céimeanna beaga chun gníomhú ar son na haeráide. Is cuma cé chomh beag atá an rud a dhéanfaimid, is féidir linn difríocht ollmhór a dhéanamh le chéile!

*Inbhuanaithe – tá rud inbhuanaithe más féidir leanúint ar aghaidh leis thar thréimhse fhada*

### TREORACHA:

- Priontáil leathanach na fuinneoige thíos chun fuinneog dhaite a dhéanamh duit féin ar mhaithe le gníomhú ar son na haeráide. Mura bhfuil printéir agat, is cuma! Is féidir leat imlíne na fuinneoige a tharraingt ar pháipéir.
- Ar thaobh na láimhe clé den fhuinneog, tarraing pictiúr a léiríonn fadhb a bhaineann leis an athrú aeráide ar domhan.
- Mar shampla,
  - » aigéan agus tránna atá lán le plaisteach, mar a chonaic tú san fhíseán;
  - » triomach nó tuile a fhágann an saol deacair ag feirmeoirí agus ag a dteaghlach
  - » daoine ag tiomáint agus ag eitilt cé go bhfuil carranna agus eitleáin ag cur leis an athrú aeráide etc.
- Ar thaobh na láimhe deise den fhuinneog, tarraing réiteach (bealach chun an ceann is fearr a fháil ar an bhfadhb) ar an bpictiúr a tharraing tú ar thaobh na láimhe clé. Smaoinigh ar roinnt pictiúir dhearfacha agus ar roinnt gníomhartha is féidir linn a dhéanamh chun an timpeallacht a thabhairt slán inár gceantar féin. t.

Anois, bí cruthaitheach! Is féidir leat d'fhuinneog a mhaisiú le go leor ábhair éagsúla! Is iomaí rud i do theach is féidir leat a úsáid, mar shampla:

- » páipéar síoda
- » irisí
- » clúdaigh litreach
- » páipéar bÁCála
- » scragall stáin
- » páipéir mhilseáin
- » pacáistiú plaisteach nó páipéir
- » stampaí nó cártaí
- » éadach
- » fiú duilleoga agus bláthanna ón ngairdín!

Nuair a bheidh fuinneog an ghníomhaithe ar son na haeráide críochnaithe agat, gearr amach í agus cuir ar taispeáint í ar fhuinneog i do theach féin, áit ar féidir le daoine í a fheiceáil agus iad ag siúl na slí! Ná déan dearmad iarraidh ar d'athair nó do mháthair do chuid oibre a thaispeáint dúinn ar an leathanach Facebook @ourworldirishaidawards nó í a chur ar an ríomhphost chuig: [ourworld@realnation.ie](mailto:ourworld@realnation.ie)

## **Gníomhaíocht don Ghníomhú Ar Son na hAeráide – Fuinneog Dhaite**

